



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRUDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

## EOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.00**

### TREORACHA

1. Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an leathanach seo.
2. Freagair gach ceist.
3. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Má tá spás breise uait, tá leathanach breise curtha ar fáil ar chúl an leabhráin seo.
4. Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán, *Foirmí agus Táblai*, atá faofa lena úsáid sna Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip a fháil ó fheitheoir na scrúduithe.

**Uimhir an Ionaid**

**Scrúduimhir**

Don scrúdaitheoir amháin	
Roinn / Ceist	Marc
<b>Bitheolaíocht</b>	
C.1 (52)	
C.2 (39)	
C.3 (39)	
<b>Ceimic</b>	
C.4 (52)	
C.5 (39)	
C.6 (39)	
<b>Fisic</b>	
C.7 (52)	
C.8 (39)	
C.9 (39)	
<b>Iomlán (Páipéar)</b>	
<b>Bónas don Ghaeilge</b>	
<b>Móriomlán (Páipéar) (390)</b>	
<b>Obair Chúrsa A (60)</b>	
<b>Obair Chúrsa B (150)</b>	
<b>Móriomlán (600)</b>	

# Bitheolaíocht

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

## Ceist 1

(52)


(a) Sa tábla taispeántar cill mar a fheictear í faoi mhicreascóp.

(i) An cill ainmhí *nó* cill phlanda í an chill a thaispeántar?

---

(ii) Ainmnigh an chuid lipéadaithe **A** sa léaráid.

---



(b) (i) Roghnaigh an focal ceart as an mbosca chun an abairt thíos a chríochnú.

Ta tréithe inoidhreachta rialaithe ag na \_\_\_\_\_.

**Géinte  
Cnámha**

(ii) Sa phictiúr tá cúpla comhionann ina naíonáin.

Ainmnigh tréith inoidhreachta amháin atá i gcomphpháirt ag cúpla comhionann.



(c) Víris is cúis le mórán tinnis.

Ainmnigh dhá thinneas choitianta arb iad víris is cúis leo.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

(d) Sa tábla taispeántar an t-eolas atá ar lipéad bia.

(i) Ainmnigh an cothaitheach a chuireann an chuid is mó den fhuinneamh ar fáil.

---

(ii) An bhfuil an lipéad bia seo bainte de arán *nó* iasc? \_\_\_\_\_

Cothaithigh	in aghaidh 100 g
Saill	1.4 g
Carbaihiodráit	45.6 g
Próitéin	7.3 g
Fuinneamh	983 kJ / 235 kcal

(e) Bíonn iomaíocht idir orgánaigh i ngnáthóg le haghaidh acmhainní a theastaíonn uathu.

(i) Ainmnigh acmhainn a mbíonn ainmhithe in iomaíocht fúithi. \_\_\_\_\_

(ii) Ainmnigh acmhainn a mbíonn plandaí in iomaíocht fúithi. \_\_\_\_\_

(f) Sa ghrianghraf taispeántar scaipeadh síolta an chaisearbhán ag an ngaoth.

(i) Ainmigh modh amháin eile chun síolta a scaipeadh. \_\_\_\_\_

(ii) Mínigh an téama “scaipeadh síolta”.



(g) Déan cur síos ar conas cuadraí a úsáid nuair a dhéantar staidéar ar ghnáthóg.


---



---



---




(h) Sa léaráid taispeántar struchtúr inmheánach na súile.

(i) Scríobh an litir L sa bhosca ceart chun suíomh an lionsa a thaispeáint.

(ii) Scríobh an litir R sa bhosca ceart chun suíomh na reitine a thaispeáint.

(iii) Cén fheidhm atá ag an néaróg optach?

---



(7 × 6 + 1 × 10)

**Ceist 2**

(39)

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

(a) Leag eolaí pláta agair amach chun miocrorgánaigh a fhás as sampla aeir.


Ag tosú 4 huaire tar éis don phláta a bheith nochtaithe don aer, rinneadh líon iomlán na mbaictéar a bhí ann a chomhaireamh gach 2 uair.

Sa tábla thíos taispeántar na sonraí a bailíodh.

(21)

Am (uaire)	4	6	8	10	12
Líon na mbaictéar	1000	3000	5000	7000	9000

- (i) Bain úsáid as na sonraí sa tábla chun graf de líon na mbaictéar atá ann (y-ais) in aghaidh ama (x-ais) a tharraingt agus an ghreille thíos á húsáid agat.



- (ii) Agus do ghraf á úsáid agat, déan líon na mbaictéar atá ann tar éis 7 n-uaire a mheas.
- 

- (iii) Ainmnigh dhá thoisc a bhíonn ag teastáil ó mhiocrorgánaigh chun go bhfásfadh siad i bplátaí agair.


1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_

(18)

(1) | (2)

(b) Sa léaráid taispeántar córas giniúna fireann an duine.

- (i) Sa tábla, scríobh an litir **A** in aice le hainm na coda lipéadaithe **A**.
- (ii) Scríobh an litir **B** in aice le hainm na coda lipéadaithe **B**.
- (iii) Scríobh an litir **C** in aice le hainm na coda lipéadaithe **C**.



(iv) Ainmnigh gaiméit an fhir (an ghnéaschill). \_\_\_\_\_

(v) Ainmnigh substaint amháin a fhágann corp an fhir tríd an úiréadra.  
\_\_\_\_\_

## Ceist 3

(39)

(a) Déanann planda a bhia trí phróiseas ar a nglaotear fótaisintéis. (15)

- (i) Ainmnigh rud amháin a chaithfidh planda a fháil óna thimpeallacht chun gur féidir leis fótaisintéis a dhéanamh.
- 


- (ii) Ainmnigh an ceimiceán glas, a fhaightear laistigh de chealla na duilleoige, a úsáidtear le linn na fótaisintéise.
- 

- (iii) Ainmnigh an saghas bia a dhéanann planda le linn na fótaisintéise.
- 

- (iv) Is minic a fhásann daoine plandaí laistigh dá dtithe cónaithe agus ina ngairdíní. Mínigh buntáiste amháin a bhaineann le plandaí a bheith sa teach nó sa ghairdín.
- 
- 
- 



(b) Cuireadh planda i mbosca a raibh poll gearrtha ann chun an solas a scaoileadh isteach. Fágadh an planda sa bhosca ar feadh seachtaire amháin. (9)



Planda fágtha ar feadh  
seachtaire amháin



- (i) Cuir an litir X ar cheachtar den dá bhosca chun a thaispeáint cár gearradh an poll chun an solas a scaoileadh isteach.


- (ii) An nglaotear fótatrópacht nó toirchiú ar an bpróiseas a thaispeántar?
- 

- (iii) Ainmnigh tréith de chuid rudaí beo a thaispeánann an planda san fhiosrú seo.
-

(c) Leagadh amach dhá thurgnamh chun riospráid aeróbach a fhiosrú. (15)

- (i) Cé acu gás a bhíonn ag teastáil le haghaidh riospráide aeróbaí,  
ocsain ní hélim? \_\_\_\_\_

Sa chéad turgnamh, cuireadh síolta i mbun péactha  
i bhfolúsfhleascán, mar a thaispeántar sa léaráid,  
agus fágadh iad ar feadh cúpla lá.



- (ii) Ainmnigh an píosa trealaimh lipéadaithe T.

\_\_\_\_\_

- (iii) Cad a thomhaistear le T?

\_\_\_\_\_

- (iv) Cad a thabharfá faoi deara faoin léamh ar T tar éis cúpla lá?

\_\_\_\_\_

Sa dara turgnamh, cuireadh síolta i mbun péactha i bpromhadán  
lastuas d'aoluisce agus fágadh iad ar feadh cúpla lá.



- (v) Éiríonn an t-aoluisce modartha (bainniúil) tar éis cúpla lá.

Cad a deir sé seo linn?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

# Ceimic

**Ceist 4**

- (a) (i) An bhfuil meirgiú ina phróiseas ceimiceach *nó* ina phróiseas fisiceach?
- 

- (ii) Ainmnigh slí amháin ar féidir meirgiú a chosc.
- 



- (b) Sa léaráid taispeántar an scála pH.

- (i) Ar an scála scríobh an litir **A** laistíos den pH ag aigéad.  
(ii) Ar an scála scríobh an litir **B** laistíos den pH ag bun.



- (c) (i) Sa tábla, scríobh an litir **O** in aice leis an gcodán neasach d'aer arb é ocsaigin é.  
(ii) Breac síos úsáid amháin atá ag gás ocsaigine.

	<b>Aon chúigiú (<math>\frac{1}{5}</math>)</b>
	<b>Dhá thrian (<math>\frac{2}{3}</math>)</b>

- (d) Cuir ciорcal timpeall ar an dá dhúil neamh-mhiotalacha sa liosta thíos.

**Fe****C****Zn****N**

- (e) Roghnaigh na focail chearta as an mbosca ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

- (i) Is \_\_\_\_\_ de gháis é aer.  
(ii) Is \_\_\_\_\_ í dé-ocsáid charbóin.

**Comhdhúil**  
**Meascán**  
**Dúil**

(f) Úsáidtear an dá fhoireann trealaimh a thaispeántar thíos chun meascáin a dheighilt.

As an liosta, scríobh ainm gach próiseas deighilte, faoi seach, sa spás atá ar fáil.


(1) | (2)

# Scagachán

Galú

# Driogadh

## Crómatagrafaíocht



(g) Roghnaigh na focail chearta as an mbosca ar dheis chun an chothromóid thíos a chomhlánú.

# Uisce

## Aigéad hidreactórach

(h) Dónn daoine breoslaí iontaise chun teas a chruthú.

Tagann báisteach aigéadach as cuid den dramhaíl a tháirgtear.

Freisin úsáidimid amhola, ar breosla iontaise, chun plaistigh a dhéanamh.

Tá móran plaistigh do-bhithmhillte.

(ii) Diferentes estruturas de organização da terra e da propriedade.

(b) The following figure illustrates the relationship between the two types of models.

---

Déan cur síos ar an iarmháirt atá ag pláistigh dho-bhithmhillte ar an timpeallacht.

$$(7 \times 6 + 1 \times 10)$$

**Ceist 5**


(39)

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

- (a) Léigh na habairtí thíos agus cuir in iúl cé acu a bhfuil gach abairt fíor *nó* bréagach agus an focal “Fíor” *nó* “Bréagach” á scríobh agat sna spásanna atá ar fáil. (12)

	<b>Fíor <i>nó</i> Bréagach</b>
Is comhdhúil í clóiríd sóidiam.	
Is dúil é uisce.	
Is éard atá i gceist le nascadh ianach ná péirí leictreon a bheith i gcomhroinnt.	
Bíonn cáithníní luchtaithe i gceist i nascadh ianach.	

- (b) Is léaráid é seo d'adamh héiliam. (6)



- (i) Scríobh an focal **prótón** sa bhosca ceart chun prótón a lipéadú san adamh héiliam.  
 (ii) Scríobh an focal **leictreon** sa bhosca ceart chun leictreon a lipéadú san adamh héiliam.

- (c) Is miotail iad ór, airgead agus alúmanam. Tá an t-eolas thíos le fáil ar leathanach 79 den leabhrán *Foirmí agus Táblaí*. (21)

13	47	79
<b>Al</b>	<b>Ag</b>	<b>Au</b>
26.98	107.9	197.0

(i) Cad é an tsiombail cheimiceach ag alúmanam?

---

(ii) Cad é an tsiombail cheimiceach ag ór?

---

(iii) Breac síos úsáid amháin a bhaintear as ór.

---

---

(iv) Is iad seo a leanas cuid de na nithe a dhéantar as miotal alúmanaim:

- scragall chun bia a chlúdach
- cannaí chun deochanna a choinneáil
- sásپain chun bia a chócaráil
- cabhlagh eitleáin

Déan cur síos ar dhá airí de chuid alúmanaim a dhéanann oiriúnach é lena úsáid chun ceann ar bith de na nithe sin thusa a dhéanamh.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

(v) Tá a áit féin ag gach ceann de na miotail seo sa Tábla Peiriadach.

An bhfuil liosta de dhúile *nó* de chomhdhúile sa Tábla Peiriadach?

---

Ceist 6

(39)

- (a) Comhdhúile áirithe a thuaslagtar in uisce is cúis le cruas in uisce. (21)

Tá dhá shampla d'uisce as foinsí difriúla ag mac léinn.

Is uisce báistí é sampla amháin agus is uisce buacaire é an ceann eile.

- (i) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a d'fhéadfadh an mac léinn a fháil amach cé acu ceann de na samplaí a bhfuil cruas ann.

Léaráid lipéadaithe

- (ii) Sa tábla scríobh an litir X in aice leis an dúil arb iad a comhdhúile a d'fhéadfadh a bheith mar chuíse le cruas in uisce.

	Cailciam
	Soidiam

- (iii) Breac síos shlí amháin ar féidir cruas a bhaint as uisce.

- (b) Chun criostail a fhás i saotharlann, ar dtús rinne mac léinn solad a thuaslagadh in uisce chun tuaslagán a dhéanamh. (12)

- (i) Sa tábla scríobh an litir Y in aice le hainm an solad a úsáidtear chun criostail a fhás i saotharlann.

	<b>Alúm</b>
	<b>Iarann</b>
	<b>Sulfáit chopair</b>

- (ii) Déan cur síos ar conas cuidiú leis an solad seo tuaslagadh in uisce.

---



---


- (iii) Cad a chaithfidh tarlú don tuaslagán chun go bhffásfaidh criostail?

---



---

- (c) D'ullmhaigh mac léinn gás ocsagine sa tsaotharlann agus an trealamh, a thaispeántar sa léaráid, á úsáid.



- (i) Sa tábla scríobh an litir L in aice le hainm an leachta a úsáidtear chun gás ocsagine a ullmhú.

	<b>Sárocsáid hidrigine</b>
	<b>Aolusce</b>

- (ii) Is catalaíoch í dé-ocsáid mhanganéise. Cad is catalaíoch ann?

---



---

# Fisic

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

(52)

## Ceist 7

(a) Is seoltóir leictreach é copar. Is inslitheoir leictreach é plaisteach.

- (i) Ainmnigh seoltóir leictreach eile. \_\_\_\_\_
- (ii) Ainmnigh inslitheoir leictreach eile. \_\_\_\_\_

(b) Cuireadh buidéal gloine, a bhí lán d'uisce,

i reoiteoir go dtí gur reoigh an t-uisce.

Nuar a tógadh an buidéal amach

as an reoiteoir, bhí an gloine scoilte.

Mínigh cén fáth ar tharla sé seo.


---



---



---



(c) (i) Sa tábla scríobh an litir **M** in aice leis an uirlis

a úsáidtear chun an mhais ag cloch a thomhas.

- (ii) Scríobh an litir **L** in aice leis an uirlis a úsáidtear  
chun fad cuarlíne ar léarscáil a thomhas.

	Opasaiméadar
	Meátán leictreonach
	Staduaireadóir

(d) Méadaíonn carr a luas ó 10 m/s go dtí 40 m/s.

- (i) Ríomh an méadú ar luas an chairr.

Ríomh



- (ii) Tógaann sé 5 shoicind ar an gcarr a luas a mhéadú. Ríomh luasghéarú an chairr.

Ríomh

- (e) Roghnaigh na focail chearta as an mbosca ar dheis chun na habairtí thíos a chomhlánú.

**Lonrúil**  
**Neamhlonrúil**  
**Radaíocht**  
**Seoladh**


(i) Is rud \_\_\_\_\_ é an Ghrian.

(ii) Sroicheann teas na Gréine an Domhan trí \_\_\_\_\_.


- (f) Sa léaráid taispeántar an gaireas a úsáidtear chun fiosrú a dhéanamh ar an iarmhaint atá ag brú méadaitheach ar fhiuchphointe an uisce.

(i) Cad é fiuchphointe an uisce? \_\_\_\_\_ °C


(ii) An méadaíonn nó an laghdaíonn fiuchphointe an uisce nuair a mhéadaítear an brú?



- (g) Déan cur sios ar conas a d'fhéadfaí lucht statach a ghiniúint ar shlat phlaisteach, mar shampla peirspéacs nó polaitéin.



- (h) Sa léaráid agus sa ghrianghraf taispeántar DSA (*LED i mBéarla*).



(i) Cad dó a seasann na litreacha DSA?

\_\_\_\_\_

(ii) An dteastaíonn sruth níos mó nó níos lú ó DSA ná mar a theastaíonn ó bholgán?

\_\_\_\_\_

(iii) Breac síos ghnáthúsáid laethúil amháin atá ag DSA.



( $7 \times 6 + 1 \times 10$ )

**Ceist 8**

(39)

- (a) Úsáideann duine greanóir leictreach chun píosa adhmaid a dhéanamh mí.

(1) (2)



- (i) Ainmnigh an fórsa a ghníomhaíonn idir an greanóir leictreach agus an adhmad.

---

- (ii) Luaigh an t-aonad fórsa. \_\_\_\_\_

- (iii) Comhlánaigh an abairt thíos faoi cheann amháin de na tiontuithe fuinnimh a tharlaíonn nuair a úsáideann duine greanóir leictreach.

Nuair a úsáideann duine greanóir leictreach, tiontaítear fuinneamh \_\_\_\_\_ go dtí fuinneamh \_\_\_\_\_.

- (iv) Déan cur síos ar réamhchúram sábháilteachta amháin ba chóir a ghlacadh nuair a úsáidtear fearas leictreach atá plugáilte isteach i soicéad.

---

---

- (v) Mínigh cén fáth a bhfuil sé níos fusa rothaíocht ar rothar nuair atá an slabhra olaithe. \_\_\_\_\_

---

---

---



(b) Solaid, leachtanna agus gáis, is féidir leo go léir brú a fheidhmiú. (18)

- (i) Agus na focail chearta as an mbosca ar dheis á n-úsáid agat,  
comhlánaigh an chothromóid a úsáidtear chun brú a ríomh.

**Brú =** \_\_\_\_\_  $\div$  \_\_\_\_\_

Fórsa
Achar
Am

(1) (2)

- (ii) Mínigh cén fáth ar chóir do dhuine bróga a chaitheamh,  
a bhfuil boinn d'achar dromchla mór orthu, agus é ag siúl  
ar shneachta nó ar thalamh bog.

---



---



---



---



- (iii) An bhfuil brú atmaisféarach níos mó nó níos  
lú ag airde mhór? \_\_\_\_\_



- (iv) Sa tábla, scríobh an litir P in aice leis  
an bpíosa trealaimh a d'fhéadfaí a úsáid chun  
brú atmaisféarach a thomhas.


	Baraiméadar
	Óm-mhéadar

**Ceist 9**

(39)

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

- (a) Úsáidtear an trealamh thíos chun a thaispeáint gur féidir fuaim a frithchaitheamh. (12)



- (i) Cén fheidm atá ag an glár inslithe?

---

(ii) Déan cur síos ar shampla gnáthlae d'fhuaim a bheith á frithchaitheamh.

- (iii) Ainmnigh an chuid den chorp a bhraitheann fuaim.

- (iv) An bhfuil luas na fuaimé níos mó nó níos lú ná luas an tsolais?

- (b) Cuirtear compás maighnéadach ag gach ceann de dhá fhoirceann barramhaighnéid, mar a thaispeántar thíos. (15)




- (i) Tarraing saighead i ngach ciorcal go dtaispeánfá an treo ina bhfuil gach snáthaid chompáis ag pointeáil.

- (ii) Ainmnigh ábhar ar féidir leis a bheith maighnéadach. \_\_\_\_\_

- (iii) Mínigh an téarma "réimse maighnéadach maighnéid".

(1) (2)

- (c) Sa léaráid chiorcaid thíos taispeántar an trealamh a úsáidtear chun tomhas a dhéanamh ar an sruth tríd agus an difríocht poitéinsil (voltas) trasna an fhriotóra **R**. (12)



- (i) Ainmnigh an píosa trealaímh lipéadaithe **A** a úsáidtear chun sruth a thomhas.
- 

- (ii) Ainmnigh an píosa trealaímh lipéadaithe **V** a úsáidtear chun voltas a thomhas.
- 

- (iii) Is é 2 A an sruth agus is é 6 V an voltas.

Sa tábla scríobh an litir **X** in aice le luach friotaíochta an fhriotóra.

	<b>3</b>
	<b>8</b>

- (iv) Sa tábla scríobh an litir **U** in aice leis an aonad tomhais le haghaidh friotaíochta.

	<b>Óm (<math>\Omega</math>)</b>
	<b>Cileavatuair (kW h)</b>

## SPÁS D'OBAIR BHREISE

Don  
crúdaitheoir  
amháin

(1) | (2)

Taispeán go soiléir uimhir na ceiste / na gceisteanna, agus an chuid den cheist, atá á freagairt agat. \_\_\_\_\_